

Polasaí Frith – Bhulaíochta

Ráiteas

Shocraigh foireann teagasc na scoile athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí bulaíocht mar go bhfuil foireann úr sa scoil ó leagadh amach an polasaí bulaíocht deireanach. Glacann foireann teagasc agus Bord Bainistíochta na scoile leis go bhfuil sé de cheart ag achan dalta ag freastal ar an scoil tairbhe, sult agus pléisiúr a bhaint as a saol scoile agus a bheith saor ó eagla, inní agus mí shuaimhneas.

Gaol le hÉiteas Féiniúlacht na Scoile

Is é meon na scoile nó go mbeidh atmaisféar socair, sábháilte sa scoil áit a mothaíonn na páistí sábháilte.

Aidhmeanna

- Is mian leis an scoil atmaisféar a chothú ina dtugtar aitheantas do chearta achan pháiste oideachas a fháil i dtimpeallacht shábháilte.
- Tá sé mar aidhm ag an scoil meas ar chearta gach duine a chothú i measc na bpáistí.
- Is mian leis an scoil deá-iompar a chothú agus a fhorbairt i dtimpeallacht atá dearfach.
- Tá sé mar aidhm ag an scoil nach mbeidh sé de fhiachaibh ar dhalta ar bith cur suas le scairtigh ainmneacha, ionsaí fhisiciúil, mí iompar, imeaglú nó aonrú.
- Éiteas scoile a chruthú a thugann spreagadh do leanaí tarlúintí iompraíochta bulaíocht a nochtadh agus labhairt fúthu.
- Nósanna imeachta a fhorbairt chun tarlúintí iompraíochta bulaíocht a imscrúdú agus chun déileáil leo.

Cad is bulaíocht ann

Séard is bulaíocht ann nó mí iompar labhartha, fisiciúil nó síceolaí atá a dhéanamh ag duine nó grúpa daoine ar dhuine eile go rialta agus atá ag cur isteach ar an duine sin. Níor chor glacadh le achan eachtra coimhlinte mar chás bulaíocht. Cé nach dtig cur suas le mí iompar caithfear a bheith cúramach gur bulaíocht rud atá ag tarlú go rialta agus atá ag cur isteach ar an duine sin.

Ábhar

- Aird ar bhulaíocht mar chineál iompraíocht nach nglactar leis a ardú tríd oideachas; mar pháirt den ceacht OSPS. Déanfar ceachtanna ar féin mhúinín, féin mheas agus dóigheanna le déileáil le bulaíocht a theagasc.
- Déanfaidh foireann na scoile gach iarracht atmaisféar a chothú taobh istigh de bhallaí na scoile atá taitneamhach, sábháilte agus saor ó bhaol agus beart tríd a bheith ag feitheoireacht agus ag coinneáil súil ar gach gníomhaíocht scoile.
- Tá sé mar dhualgais ar an múinteoir ranga fiosrúchán agus nóta a dhéanamh do gach eachtra bulaíocht sa dóigh is go mbeidh múinín ag na páistí inse. Cuirfear ceisteanna: Cad a tharla? Cén áit? Cén uair? Cé a bhí i gceist agus cén fáth?
- Caithfear céimeanna maidir leis an chás a chur faoi bhráid an Phríomhoide.
- Má tharlaíonn eachtra bulaíocht bainfear úsáid as an Modh Neamh Lochtach.
- Éistear leis an duine a bhfuil bulaíocht a dhéanamh air/uirthi.
- Éistear leis an taobh eile den scéal.
- Iarrfar ar gach páiste scríobh síos go díreach cad a tharla, mar aon le aon duine a tharla an eachtra.
- Tabharfar an dá ghrúpa le chéile agus déanfar an fhadhb a mhíniú mar a fheiceann an múinteoir é ón mhéid atá ráite.
- Beidh ar an dá thaobh a dtuairimí a phlé agus teacht ar réiteach le treoir an mhúinteoir.
- Tá sé mar dhualgas ar an dá thaobh cloí leis an réiteach.
- Cuirfear ceist i gceann cúpla lá cad é mar atá rudaí.
- Múna bhfuil biseach as an scéal iarrfar ar na tuismitheoirí a theacht isteach.
- I gcásanna áirithe b'fhéidir go mbeadh cuidiú proifisiúnta ón taobh amuigh a dhíth.
- Má tá páiste a bhfuil deacrachtaí iompar acu a bhfuil an scoil inníoch faoi déanfar é a phlé leis na tuismitheoirí agus cead a fháil uatha iad a chur chuig síceolaí. Caithfidh an cead seo a fháil i scríbhinn.
- Déanfar plé ar an cheist bulaíocht ag cruinniú múinteoirí go minic.
- I gcás bulaíocht ar dhaoine fásta leanfar an mhéid atá leagtha amach i bhfoilseachán an INTO/ Comhlachtaí Bainistíochta 'Working Together Procedures and Policies for Positive Staff Relations' a leanúint.

Critéir Rathúlachta

Beidh a fhios againn go bhfuil an polasaí seo éifeachtach má tá na páistí sásta ar scoil agus má thig siad chugainn le inse dúinn má tá a dhíth ag cur isteach orthu agus tríd a bheith ag caint leis na tuismitheoirí.

Rólanna agus Freagrachtaí

Tá foireann na scoile freagrach as an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm. Tá na páistí freagrach as a bheith ag cloí le rialacha na scoile, meas a bheith acu ar a gcómh scoláirí agus gan a bheith ag cur isteach ar pháiste ar bith eile. Caithfidh na páistí nó a dtuismitheoirí cur in iúl don scoil má tá bulaíocht a dhéanamh orthu.